
View in browser

02 Nollaig 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 76





## AN POTA STÓIR - TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá bailiúchán álainn de tháirgí na Nollag i nGaeilge ar fáil sa Phota Stóir de chuid Tuismitheoirí na Gaeltachta, idir málaí beaga agus móra, málaí fíona agus páipéar Nollag. I mbliana tá leabhair Ghaeilge sa Phota Stóir freisin; *Daidí na Nollag, Aonbheannach Draíochta Peppa, Leabhar Dathúcháin na Nollag,* agus *Bran agus an Nollaig.* Tá Pota Stóir Thuismitheoirí na Gaeltachta ar fáil i siopaí Gaeltachta ar fud na tíre anois, ina measc tá Neighbour Food An Tulach agus i Siopa an Phobail in Indreabhán.





## STUIF NA NOLLAG

Seolfar an feachtas **Stuif na Nollag** arís i mbliana leis an haischlib **#CeannaighsaGhaeltacht** áit a dhéanfar poiblíocht ar tháirgí a dhéantar agus atá ar fáil le ceannach i gCois Fharraige ar na méain shóisialta, agus anseo i *Scéal, Scéal, Scéal...* Ba bhreá linn an deis seo a thabhairt do ghnóthaí

Chois Fharraige breis fógraíochta a dhéanamh agus an Nollaig ag teannadh linn. Ba bhreá linn cuireadh a thabhairt do na gnóthaí áitiúla físeán gearr, thart ar 30 soicind a sheoladh chugainn a léiríonn na táirgí/seirbhísí atá ar fáil uathu. Is féidir pictiúir a sheoladh freisin. Má tá tú ag iarraidh níos mó eolais a fháil cuireann na hOifigigh Pleanála Teanga fáilte roimh phobal ghnó Chois Fharraige le teagmháil a dhéanamh leo ag 083 010 6294 nó ag ocptchoisfharraige@gmail.com

## FOLÚNTAIS AG AN BPRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag earcú faoi láthair, agus iad sa tóir ar áiritheoirí le cúnamh a thabhairt le daonáireamh 2022. Conradh 10 seachtaine ar bheas ann ag tosú ar an 28ú Feabhra go dtí 6ú Bealtaine 2022. Tá na huaireanta solúbtha, go háirithe san oíche agus i rith na deireadh seachtaine, ach 22 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine atá i gceist. Tá sé tábhachtach go mbeidh na hiarrthóirí compordach agus muiníneach a bheith ag plé leis an bpobal agus ag cloí le spriocdhátaí. Is féidir níos mó eolais a fháil anseo. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 3ú Nollaig.

## AN SPIDÉAL FAOI SHOILSE

Lasfar Soilse na Nollag sa Spidéal ar an Domhnach 5 Nollaig. Bhí feachtas ar siúl sa Spidéal le cúpla mí anuas chun soilse a fháil don bhaile beag don Nollaig. D'éirigh go hiontach leis an bhfeachtas agus beidh toradh na hoibre le feiceáil Dé Domhnaigh. Beifear ag lasadh na soilse ag Cill Éinde ag 5i.n. Iarrtar ar dhaoine a bheith ann ag 4.45 i.n. De réir srianta Covid-19 beidh masc le caitheamh ag gach duine agus iarrtar ar dhaoine cloí leis na treoirlínte i leith sláinte poiblí agus scaradh sóisialta. Rinne Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga urraíocht ar an bhfeachtas - ó thaobh comharthaíocht agus fógraíocht de - a fuair tacaíocht iontach ó lucht ghnó agus ón bpobal. Tá súil ag lucht gnó an tsráidbhaile go spreagfaidh na soilsí daoine le teacht chuig An Spidéal le siopadóireacht na Nollag a dhéanamh ann.







## SAGART NUA AR AN SPIDÉAL

An tAthair Daniel Gallagher, an sagart paróiste nua atá le freastal ar Pharóiste an Spidéil. Tagann sé i gcomharbacht ar an Athair Seán Mac Aodha, a bheas anois ina shéiplíneach in Ospidéal na Gaillimhe. D'fhág an tAthair Seán slán ag a pharóistigh sa Spidéal, i Ros a' Mhíl agus sna Mine le gairid théis tréimhse fhada a chaitheamh sa gceantar. I Nuachtlitir an Pharóiste dúirt sé gur thaithin a thréimhse leis sa bparóiste agus sa gceantar agus go raibh sé an-sásta anseo. Is as Bóthar Mór i gCathair na Gaillimhe an sagart nua, an tAthair Daniel Gallagher. Sula ndeachaigh sé go Má Nuad le staidéar a dhéanamh le bheith ina shagart, bhain sé céim amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, sa Stair agus sa

Ghaeilge. Roimhe seo bhí an tAthair Daniel ina shagart cúnta in Órán Mór. Guíonn muid chuile rath ar an Athair Daniel.

## LITIR CHUIG SANTAÍ



Beidh **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ag tabhairt cúnaimh do Dhaidí na Nollag arís i mbliana le cinntiú go bhfaigheann sé na litreacha ar fad ó ghasúir na Gaeltachta. Is féidir do litir chuig Santaí a sheoladh chuig f/ch Tuismitheoirí na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 Y0R2 Moltar ainm agus seoladh na bpáistí a scríobh ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Iarrtar na litreacha a bheith sa bposta roimh an 6 Nollaig.

## POBAL NA SCOILE

Tá mise chun labhairt faoi pobal Choláiste Cholmcille. Tá múinteoirí, scoláirí, na daoine uilig a bhíonn ag dul isteach sa scoil go deas agus cabhrach. Tugann na múinteoirí agus mo chomhscoláirí cúnamh dom i gcónaí sa rang. Tá atmaisféar deas ann chomh maith. Tá COVID 19 thart na laethanta seo de bharr sin bíonn mascanna agus díghalrán láimhe le cur orainn i gcónaí. Ní bhíonn an pobal ró-dhifriúil dá bharr sin. Déanann muid rudaí sa bpobal chomh maith. An bhliain seo caite chuaigh muid ar shiúlóid 5km agus rinne muid t-léine don LGBTQ+. I mbliana chuaigh muid go dtí Ceapach na gCapall le h-aghaidh an lae. Bíonn go leor imeachtaí ar siúl i bpobal na scoile. Tá na daoine, an t-atmaisféar, agus na turais a dtéann muid orthu iontach mar sin tá pobal Choláiste Cholmcille deas, cabhrach, suimiúil is spraíúil. Ní bhíonn aon droch mheas nó aon bhulaíocht ar siúl mar tá meas againn ar an scoil, agus ar na múinteoirí, scoláirí agus gach duine a bhíonn ag obair ann.

Scríofa ag Ciarán Ó Fátharta (Bliain 2)

## COMÓRTAS SCOILE: AR M'FHOCAL

Tá comórtas do scoileanna á reáchtáil ag Ar M'Fhocal! Tá an tsraith 'Ar M'Fhocal!' bunaithe ar an gclár litearthachta cáiliúil www.maradearfa.ie Is clár céimnithe fónaice / litearthachta é 'Mar a Déarfá!' a dhíríonn ar líofacht léitheoireachta agus cruinneas scríofa agus litrithe do chainteoirí dúchais Ghaeilge. Leagtar béim sa chlár ar na fuaimeanna a dhéanann an cainteoir dúchais ina theanga labhartha féin a cheangal lena bhfoirmeacha scríofa. Le cur isteach ar an gcomórtas, ní mór cuairt a thabhairt ar chuntas Facebook na heagraíochta anseo agus na treoracha ann a leanúint. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le cloraiftearai@gmail.com Fógrófar buaiteoir an chomórtais ag a 8i.n. ar an 6 Nollaig 2021.






## 'SIOPA AN PHOBAIL' Á CHEANNACH AG TESCO

Tá an scéal fógartha ag Pat Joyce go bhfuil TESCO ag iarraidh 10 gcinn de na siopaí atá ag Muintir Sheoigeach i gceantar na Gaillimhe a cheannach, le 'Siopa an Phobail' in Indreabhán san áireamh. Beidh cead ag teastáil ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, sular féidir an díolaíocht a chur i gcrích. De réir cosúlachta, cuirfidh Tesco fáilte roimh fhostaithe Siopa an Phobail, agus na foirne eile ar fud na Gaillimhe, a bpostanna a choinneáil. Sé Comharchumann Chois Fharraige a bhaist 'Siopa an Phobail' ar an ollmhargadh is mó a bhí i gConamara Theas, siopa a bhunaigh Paddy King ag deireadh na seascaidí. Dhíol an Comharchumann an t-ollmhargadh le Seán Ó Foighil, a rinne forbairt mhór ar an ollmhargadh le go bhféadfaí é a chur faoi bhrat Supervalu.

## TRAIDPHICNIC AG GLACADH SOSA

Tá sé fógartha ag an meitheal a eagraíonn Traidphicnic sa Spidéal, tús mí Iúil gach bliain, nach mbeidh an fhéile ag dul ar aghaidh an bhliain seo chugainn. Tá sos á thógáil ag an mheitheal dheonach, a d'oibrigh go crua is go héifeachtach ar feadh na blianta: Liam Collins, Steve Sweeney, Sara Howlin agus Bridge Barker. Thosaigh an fhéile 10 mbliana ó shin agus d'fhás sé ó shin le bheith áirithe ar cheann de na féilte ceoil traidisiúnta is mó sa tír, ag mealladh scoth na gceoltóirí is na hamhránaithe ag An Spidéal, ach ag tabhairt ardáin chomh maith do na ceoltóirí is na fonnadóirí áitiúla, go speisialta na daoine óga. Ghabh an mheitheal buíochas leis an bpobal as ucht an tacaíocht a fuair siad thar na blianta ar a gcuntas Facebook. Tá súil againn go bhfillfidh an fhéile gan mhoill!








Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta